Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14011/17**

**ECOFIN 906**
**STATIS 73**
**UEM 298**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh - Conclúidí ón gComhairle (7 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3572ú cruinniú a bhí aici, an 7 Samhain 2017 sa Bhruiséil.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

***Cruinniú den Chomhairle GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS***

***An Bhruiséil, 7 Samhain 2017***

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

"I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos sna conclúidí roimhe seo ó Chomhairle ECOFIN, go háirithe maidir le dearbhú cáilíochta an phríomh-aschuir staidrimh, agus aird á tabhairt ar na riachtanais staidrimh is bun leis an rialachas eacnamaíoch, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise san AEA, staidreamh don nós imeachta maidir le heasnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus staidreamh struchtúrach, agus ar a bhfuil ag tarlú i ndáil le nuachóiriú agus nuálaíochtaí sa bhonneagar staidrimh.

**Ról lárnach an staidrimh oifigiúil Eorpaigh**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go bhfuil machnamh á dhéanamh faoi láthair ag lucht staidrimh san Eoraip ar an mbealach is fearr chun cur le breisluach an staidrimh Eorpaigh ar mhaithe le tosaíochtaí an Aontais a chur i gcrích feasta agus ar an gcaoi is ceart freagairt do na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs an phlé faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile agus faoin gClár Staidrimh Eorpach comhfhreagrach ó 2020 amach.

IS DÍOL SÁSAIMH di an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Fhís 2020 CSE, go háirithe an fócas ar thorthaí ardcháilíochta a sholáthar, foinsí nua sonraí a úsáid, lena n-áirítear mórshonraí, agus an chumarsáid le húsáideoirí a fheabhsú.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS nach mór a áirithiú gur leordhóthanach na hacmhainní daonna agus airgeadais don infheistíocht sa bhonneagar staidrimh gona chothabháil, ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, le go mbeidh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) in ann staidreamh rialta, ardcháilíochta, oifigiúil a chur ar fáil ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as an domhandú agus as an ascnamh teicneolaíoch. MEABHRAÍTEAR don Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ualach a bhíonn ar fhreagróirí a íoslaghdú.

**Dearbhú cáilíochta an phríomh-aschuir staidrimh**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinne CCSE maidir leis an athbhreithniú ar an gCód Cleachtais do Staidreamh Eorpach.

IARRANN sí ar Eurostat agus ar na húdaráis náisiúnta staidrimh an chuid sin de na gníomhaíochtaí feabhais – a sainíodh agus an babhta deiridh d'athbhreithniú piarach CSE ar siúl – atá fós le déanamh a chur i gcrích.

**Tuarascáil Stádais 2017 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (EFC) maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE an méid a bhfuil cur síos air sa Tuarascáil Stádais 2017 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (EFC) maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA). Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

AITHNÍONN SÍ na feabhsuithe i gcuimsiú na dtíortha i roinnt PEEIanna agus fad méadaithe na n-amshraitheanna atá ar fáil don staidrimh ráithiúil airgeadais rialtais.

IS MÓR AICI na feabhsuithe seo i dtaca leis an infhaighteacht agus tá súil aici le tuilleadh dul chun cinn in 2018 i ndáil le tráthúlacht agus le hinfhaighteacht na PEEIanna agus go háirithe an táscaire atá le tabhairt isteach do dhíolacháin ráithiúil tithe.

IS MÓR AICI go mbeidh cuntais earnálacha an limistéir Euro ar fáil ag t+ 94 lá, agus MOLANN SÍ do CSE leanúint d'fhéachaint an bhféadfaí tobmheastacháin de tháscairí ráithiúla fostaíochta a fhoilsiú don limistéar euro agus don Aontas Eorpach ag T+ 45 lá.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur tugadh chun críche an obair, a rinneadh laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus den Choiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí (CMFB), ar bheartais chomhchuibhithe athbhreithnithe le haghaidh athbhreithnithe tagarmhairc agus gnáth-athbhreithnithe sna Cuntais Náisiúnta agus Staitisticí a bhaineann le Comhardú na nÍocaíochtaí. D'fhonn inchomparáideacht i measc na gcomhiomlán agus an chomhsheasmhacht i dtiomsú na gcomhiomlán Eorpach a áirithiú, MOLANN SÍ do na Ballstáit uile cloí leis na moltaí a rinneadh, go ndéanfadh, mar shampla, Ballstáit athbhreithniú comhchuibhithe tagarmhairc ar na cuntais náisiúnta in 2024 (agus in 2019 i gcás inar féidir agus inarb iomchuí).

IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí uile sreabhadh rialta na sonraí inchomparáide ardcháilíochta a chur chun cinn ar fud na ngeilleagar G-20 mar chéim a dó de Thionscnamh G-20 maidir le Bearnaí Sonraí. MOLANN SÍ do na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh cloí leis an tionscnamh Caighdeán Speisialta um Scaipeadh Sonraí (SDDS Plus).

**Staidreamh réadmhaoine chun críocha stuamachta**

AITHNÍONN an Chomhairle a ábhartha a bhíonn sonraí mionsonraithe maidir le margaí réadmhaoine chun críocha stuamachta. CUIREANN SÍ I dTREIS an deacracht intreach agus na himpleachtaí acmhainní dá réir a bhaineann le tiomsú na sonraí sin, go háirithe i ndáil leis na margaí réadmhaoine tráchtála fisiceacha de bharr chineál sonrach na margaí sin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón ngrúpa comhpháirteach saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach/Banc Ceannais Eorpach maidir le táscairí praghsanna maoine tráchtála agus an togra atá sa tuarascáil maidir le cur chuige éabhlóideach chun feabhas a chur ar staidreamh gaolmhar.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur leis an tacar sonraí a bhíonn ar fáil i ndáil le táscairí airgeadais réadmhaoine. AITHNÍONN an Chomhairle a ábhartha a bhíonn tacair sonraí creidmheasa anailíseacha i dtaca le táirgeadh táscairí náisiúnta inchomparáide maidir le cistiú réadmhaoine trachtála agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na sonraí atá le foilsiú maidir le neamhchosaintí na mbanc. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair bhreise a dhéanfar go háirithe i ndáil le réadmhaoin chónaithe, faoi réir cosaint éifeachtach a thabhairt do rúndacht na sonraí pearsanta.

**Staidreamh don Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na tionscnaimh a tháinig ón gCoimisiún le déanaí i ndáil leis an bPlean Infheistíochta don Eoraip agus go háirithe an obair leantach don treoir maidir le taifeadadh staidrimh do Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPPanna), lena n-áirítear roinnt ócáidí faisnéise i gcuid de na Ballstáit.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil phrapúil ó Eurostat chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais de bhun na n-iarratas ón gComhairle i Samhain na bliana 2016 go bhfeabhsófaí a thuilleadh an rialachas a ghabhann le próisis staidrimh an nós imeachta maidir le heasnamh iomarcach. AITHNÍONN SÍ go ndearna an Coimisiún (Eurostat) an obair seo laistigh de na fóraim atá ann cheana, mar a d'iarr an Chomhairle.

Go háirithe, TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na 'nósanna imeachta d'fhorbairt agus cur chun feidhme na modheolaíochta atá mar bhun do shonraí an nós imeachta um easnamh iomarcach' a comhaontaíodh agus a glacadh sna fóraim ábhartha staidrimh. Is éard is aidhm do na nósanna imeachta sin a áirithiú go mbeidh próiseas struchtúraithe coincheapúil ann d'fhorbairt agus do chur chun feidhme na modheolaíochta is bun do shonraí an nós imeachta um easnamh iomarcach, agus an chomhsheasmhacht le sonraí cuntas náisiúnta eile á cur san áireamh ag an am céanna agus feabhas á chur ar an trédhearcacht agus ar an intuarthacht.

Chuige sin, IS DÍOL SÁSAIMH DON Chomhairle tiomantas an Choimisiúin (Eurostat) athruithe modheolaíochta a thabhairt isteach ar bhealach struchtúraithe, sceidealaithe agus GLACANN SÍ LEIS, dá réir sin, nach mbeidh nótaí treorach nua á n-eisiúint chun na rialacha staidrimh a shoiléiriú ach amháin i ndálaí a thugann údar cuí leis sin agus tar éis a bhformheasta i gcomhréir leis na nósanna imeachta a comhaontaíodh i gcomhphobal staidrimh an Aontais.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go ndéanfar na hagaí a shainiú don chur chun feidhme mar chuid dhílis de threoir nua ach í a bheith comhaontaithe ag na fóraim ábhartha staidrimh, i gcomhréir le prionsabal na tráthúlachta, agus aird chuí á tabhairt ar shrianta ama agus acmhainní na mBallstát agus ar an ngá atá le cobhsaíocht sonraí roimh an bpleanáil bhuiséadach.

IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún (Eurostat) an chéad tuarascáil a chur chuig EFC i ndáil le héifeachtacht na nósanna imeachta nua sin ach taithí bliana a bheith faighte acu ar a gcur i bhfeidhm.

**Staidreamh maidir leis an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch (MIP)**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair atá á déanamh maidir le cur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana idir Eurostat agus BCE/Ard-Stiúrthóireacht Staidrimh chun cáilíocht staidrimh chomhardú na n-íocaíochtaí agus na gcuntas airgeadais is bonn don MIP a áirithiú.

**Staidreamh sóisialta**

TUIGEANN an Chomhairle a thábhachtaí atá sé sonraí níos tráthúla, níos fearr agus níos comhtháite a chur ar fáil maidir le neamhionannas agus bochtaineacht, lena n-áirítear maidir le leithdháileadh ioncaim, an tomhaltas agus an rachmas agus maidir le caiteachas ar chosaint shóisialta, oideachas agus sláinte.

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur eisigh formhór na mBallstát táscairí, roimh ré, i ndáil le díth ábhartha agus sonraí i ndáil le bochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta don bhliain 2016.

IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn atá déanta maidir le nuachóiriú an staidrimh shóisialta, go háirithe an t-ionchur sa Scórchlár Sóisialta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí shonraí a chur ar fáil maidir le réimse leathan táscairí.

**An Domhandú**

AITHNÍONN an Chomhairle an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhandaithe don staidreamh, lena n-áirítear a ndearnadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr na ngrúpaí fiontair (próifíliú), córas luathrabhaidh a bhunú maidir le hathstruchtúrú oibríochtaí fiontar ilnáisiúnta, agus feabhsuithe ar Chlár na nGrúpaí Eorpacha.

**Staidreamh struchtúrach eile**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair atá á déanamh chun na tacair sonraí is bun leis an Straitéis Eoraip 2020 a shaibhriú agus chun feabhas a chur ar a dtráthúlacht agus ar a gceart-scaipeadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur áiríodh gach ceann de tháscairí ceannlíne Eoraip 2020 sa tacar táscairí chun faireachán rialta a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) ó thaobh an Aontais de. I ndáil leis an straitéis chur chun feidhme a iarradh ar an gClár Oibre 2030, MOLANN SÍ don Choimisiún (Eurostat) na tuarascálacha faireacháin a fhoilsiú. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle go bhfuil rún ag Eurostat céadtuarascáil faireacháin an Aontais a fhoilsiú ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe, in 2017.

**Cuntasaíocht na hearnála poiblí**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an obair atá á déanamh ar phrionsabail agus ar chaighdeáin i ndáil le Caighdeáin Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí Eorpaí (EPSAS) agus ar mhaithe le tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair ag na Ballstáit chun an aibíocht cuntasaíochta a oiriúnú agus a fheabhsú ar bhonn deonach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta san obair a dhéantar sa réimse sin agus gur bunaithe ar bhunús dlí soiléir, i gcás inarb ábhartha, a bheadh sí. De bhreis air sin, LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh measúnú mionsonraithe tionchair ag gabháil leis an obair i ndáil le EPSAS. Dá bhrí sin, AITHNÍONN an Chomhairle an tús atá curtha ag an gCoimisiún (Eurostat) leis an obair i ndáil leis an measúnú sin agus A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ gur cuntas cuimsitheach a thiocfadh as ina mbeidh cur síos ar na gnéithe dearfacha agus diúltacha araon.

**An naoú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) maidir le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an naoú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB), ina bhfuil forbhreathnú neamhspleách ar Eurostat agus ar an gCóras Staidrimh Eorpach trí chéile i ndáil le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag institiúidí náisiúnta staidrimh na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh ar mhaithe le feabhsúchán a chur chun feidhme.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an moladh a rinne ESGAB maidir leis an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus inbhuanaitheacht na sonraí arna soláthar ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

TACAÍONN an Chomhairle le moltaí ESGAB chun infheictheacht Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a mhéadú i bhfoilseacháin oifigiúla agus ar shuíomhanna gréasáin a gcuirtear staidreamh Eorpach i láthair orthu, d'fhonn cur le feasacht an phobail maidir leis na caighdeáin a leagtar síos le haghaidh staidreamh oifigiúil sa Chód.